

25 Scéim an liúntais speansas laethúil

- 25.1** Soláthraíonn an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) tacaíocht ioncaim agus seirbhísí sóisialta eile faoi raon leathan scéimeanna. Maoiníodh caiteachas iomlán €26.6 billiún ar na scéimeanna in 2025 trí Vóta 37 — Coimirce Shóisialach agus tríd an gCiste Árachais Shóisialaigh.
- 25.2** Is íocaíocht sheachtainiúil tacaíochta ioncaim é an liúntas speansas laethúil (DEA) d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta atá ina gcónaí i gcóiríocht a sholáthraíonn an tSeirbhís Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta (IPAS), nó atá ag fanacht ar chóiríocht IPAS (féach Fíor 25.1). Is é príomhchuspóir na scéime speansais phearsanta theagmhásacha na ndaoine nach bhfuil dóthain acmhainní acu le caighdeán maireachtála leordhóthanach a bheith acu a chlúdach agus iad ag fanacht le cinneadh ón Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce (an Roinn Dlí agus Cirt) maidir lena n-iarratas ar chosaint. Íoctar an liúntas faoin Vóta 37 agus, dá bhrí sin, maoinítear é ón Státchiste.
- 25.3** Is í an Roinn a riarann an scéim. Mar sin féin, is í an Roinn Dlí agus Cirt atá freagrach as beartas agus reachtaíocht na scéime a leagan síos.¹
- 25.4** Rinneadh an scrúdú seo chun a mheas an bhfuil na rialuithe atá i bhfeidhm ag an Roinn maidir le híoc an liúntais speansas laethúil
- i gcomhréir le ceanglais reachtúla, agus
 - éifeachtach maidir le híocaíochtaí neamhrialta a chosc agus a bhrath go pras.

Fíor 25.1 Forléargas ar scéim an liúntais speansas laethúil, 2025

Incháilitheacht éilitheoirí	Iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta atá ina gcónaí i gcóiríocht a sholáthraíonn IPAS, nó atá ar liosta feithimh don chóiríocht sin ^a
Cúlra reachtach	IR 230/2018 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Coinníollacha Glactha), 2018 An tAcht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2026^b
Líon na n-éilitheoirí a fhaigheann íocaíocht	10,574 amhail an 31 Nollaig 2025
Ráta seachtainiúil na híocaíochta	€38.80 in aghaidh an duine fhásta agus €29.80 in aghaidh an linbh nó €113.80 in aghaidh an duine fhásta nach bhfuil cóiríocht curtha ar fáil dó nó di
Caiteachas na scéime	€48.6 milliún in 2025

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- a Is rannán de chuid na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce í an tSeirbhís Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta (IPAS).
 - b Le IR 230/2018 tugadh éifeacht do Threoir 2013/33/AE, ina leagtar amach na caighdeáin maidir le glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta. Rinneadh Treoir nuashonraithe athmhúnlaithe maidir le Coinníollacha Glactha (Treoir (AE) 2024/1346) a thrasú i ndlí na hÉireann i mí Aibreáin 2026 faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2026.


¹ Tá an Roinn Dlí agus Cirt freagrach as a chinntiú go bhfuil rochtain ag iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta ar dhálaí glactha ábhartha, mar a shainítear san Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2026. Áirítear leis sin rochtain ar chóiríocht, bia, soláthairtí sláinteachais phearsanta agus seirbhísí cúraim sláinte riachtanacha. Foráiltear leis an Acht freisin go mbeidh rochtain ag iarratasóirí ar an liúntas speansas laethúil agus ar an liúntas éadaí.

- 25.5** Rinne an fhoireann scrúdúcháin athbhreithniú agus anailís ar phríomhghoiciméid agus ar shonraí a chuir an Roinn agus an Roinn Dlí agus Cirt ar fáil, chuir siad agallamh ar bhaill foirne ábhartha agus rinne siad tástáil ar rialuithe i sampla d'éilimh a raibh íocaíochtaí á ndéanamh ina leith.

Róil agus freagrachtaí an dá roinn

- 25.6** Tá scéim an liúntais speansas laethúil (DEA) bunaithe ar reachtaíocht ina leagtar amach príomhfheidhmeanna an dá roinn maidir le tacaíochtaí a sholáthar fad atá cinneadh á dhéanamh ar iarratas duine ar chosaint idirnáisiúnta (féach Fíor 25.2).

Fíor 25.2 Róil agus freagrachtaí maidir le scéim DEA



Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí; an Roinn Dlí agus Cirt. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Féadfar cead rochtana ar an margadh saothair a dheonú d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a bhfuil sé mhí caite acu ag fanacht le cinneadh.


- 25.7** Is í an Roinn Dlí agus Cirt an t-údarás a dhéanann cinntí maidir le tacaíochtaí d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta. Tá an Roinn freagrach as tacaíochtaí leasa a riar, a mhaoiniú agus a ailíniú de réir na gcinntí sin. Dá bhrí sin, braitheann an Roinn ar chruinneas, ar iomláine agus ar thráthúlacht na faisnéise a sholáthraíonn an Roinn Dlí agus Cirt chun rialtacht na n-íocaíochtaí tacaíochta a chinntiú.
- 25.8** Fuarthas amach sa scrúdú nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil i bhfeidhm idir an dá roinn ina leagtar amach a róil agus a bhfreagrachtaí oibríochtúla faoi seach, ná minicíocht agus cineál na cumarsáide a theastaíonn le haghaidh na scéime.

- 25.9** Tá Rannán na Seirbhísí Leasa Pobail sa Roinn freagrach as scéim DEA a riar agus is í foireann atá lonnaithe i Sligeach a bhainistíonn í. Dúirt an Roinn, i bhfianaise imthosca uathúla na scéime agus an chaoi a bhfuil sí ag athrú, go mbíonn an dá roinn i dteagmháil go minic agus go rialta ag leibhéal sinsearach agus go gcuireann siad cruinnithe ar siúl gach seachtain agus gach coicís chun comhoibriú agus comhordú eatarthu a bhainistiú.

Anailís ar chaiteachas na scéime

25.10 B'ionann an caiteachas iomlán ar an scéim agus €48.6 milliún in 2025, laghdú beag ó €50.4 milliún in 2024.

Fíor 25.3 Caiteachas ar an liúntas speansas laethúil agus líon na n-éileamh, 2021 – 2025



Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- a Seo líon iomlán na n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a fuarthas gach bliain.
 - b Léiríonn sé seo líon na n-éileamh a bhíothas á n-íoc ag deireadh na bliana.
 - c D'fhéadfadh éileamh amháin tacú le roinnt ball den teaghlach céanna; dá bhrí sin, tá líon iomlán na ndaoine a fhaigheann tacaíocht níos mó ná líon na n-éileamh atá á n-íoc.

- 25.11** Tháinig méadú gear ar líon na ndaoine a rinne iarratas ar chosaint idirnáisiúnta in 2022 agus bhí iarratais go líonmhar go dtí 2025, méadú tobann in 2024 san áireamh. Mar thoradh air sin, tháinig méadú suntasach ar líon na n-éileamh ar an liúntas speansas laethúil a ceadáíodh. Ba in 2023 ba mhó an t-éileamh ag 15,023 agus tháinig laghdú air bliain i ndiaidh bliana in 2024 agus 2025. Amhail an 31 Nollaig 2025, bhí íocaíochtaí á ndéanamh i leith 10,574 éileamh ar DEA, agus bhí 17,508 duine ag fáil tacaíochta dá mbarr (féach Fíor 25.3).

Beartas rialaithe

- 25.12** Éilíonn gach scéim coimirce sóisialaí bearta rialaithe iomchuí chun na rioscaí a bhaineann go sonrach le gach scéim nó grúpa scéimeanna a mhaolú. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na rioscaí agus ar na bearta rialaithe sin go rialta chun a chinntiú go bhfuil na cosaintí fós éifeachtach agus ag freagairt go hiomchuí d'imthosca atá ag athrú.
- 25.13** Fuarthas amach sa scrúdú, murab ionann agus formhór na scéimeanna tacaíochta ioncaim a riartar go lárnach, nach ndearnadh aon mheasúnú riosca ná athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha i leith scéim DEA a dhoiciméadú go foirmiúil.
- 25.14** Dúirt an Roinn go bhfuil an creat riosca agus rialaithe do scéimeanna leasa pobail i bhfeidhm maidir le scéim DEA. Áirítear leis an gcreat sin
- rialuithe nuair a ghlactar le héilimh — seiceálacha a dhéantar ar iarratais chun a chinntiú nach gceadaítear éilimh ach do dhaoine a chomhlíonann na coinníollacha incháilitheachta
 - athbhreithniú a dhéanamh go rialta ar éilimh atáthar á n-íoc — féadfar athbhreithnithe a dhéanamh go córasach, mar thoradh ar shonraí a sholáthraíonn comhlachtaí eile san earnáil phoiblí, nó de bharr athrú ar imthosca an fhaighteora
 - rialuithe bainistíochta — seiceálacha randamacha ar shampla d'éilimh a bhfuil íocaíochtaí á ndéanamh ina leith
 - rialuithe airgid — rialuithe ar íocaíochtaí agus fáiltais mhóra airgid.

Critéir incháilitheachta — rialuithe nuair a ghlactar le héilimh

- 25.15** Chun cáiliú do DEA, ní mór do dhuine iarratas comhlánaithe ar DEA a chur faoi bhráid na Roinne, agus
- a bheith ag fanacht le cinneadh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta²
 - a bheith ina chónaí nó ina cónaí i gcóiríocht IPAS, nó a bheith ar liosta feithimh don chóiríocht sin
 - an tástáil ioncaim a shásamh.

- 25.16** Tá an Roinn agus an Roinn Dlí agus Cirt araon páirteach sa phróiseas chun incháilitheacht do scéim DEA a bhunú agus a chinneadh (féach Fíor 25.4).

² Maidir le faighteoirí atá i mbun achomharc (in aghaidh cinneadh ar chosaint idirnáisiúnta) a dhéanamh chuig an mBinse Achomhairc um Chosaint Idirnáisiúnta, beidh siad fós incháilithe go dtí go ndéanfar cinneadh ar a n-achomharc.

Fíor 25.4 Critéir incháilitheachta don liúntas speansas laethúil

Critéir	An Roinn Dlí agus Cirt	An Roinn Coimirce Sóisialaí
Iarratas ar chosaint idirnáisiúnta	Measúnú tosaigh ar acmhainní an iarratasóra bunaithe ar dhearbhú acmhainne sínithe, a nglactar leis de mheon macánta.	Braitheann sí ar an measúnú acmhainne a rinne an Roinn Dlí agus Cirt; ní iarrtar aon fhaisnéis airgeadais eile.
A bheith ina chónaí nó ina cónaí i gcóiríocht IPAS, nó a bheith ar liosta feithimh di	Soláthraíonn sí cóiríocht agus bainistíonn sí liostaí feithimh.	Éilíonn sí cruthúnas ar sheoladh ag ionad cóiríochta IPAS, nó litir ó IPAS lena ndeimhnítear go bhfuil an t-iarratasóir ar an liosta feithimh do chóiríocht.
Tástáil ioncaim	Níl aon ról aici sa tástáil ioncaim.	Measúnú ioncaim agus laghdú nó tarraingt siar an liúntais i gcás faighteora atá 18 mbliana d'aois nó níos sine agus a raibh ioncam aige nó aici ar feadh 12 sheachtain. Déantar neamhaird den chéad €60 d'ioncam sa tseachtain agus déantar measúnú ar 60% den ioncam atá fágtha; laghdaítear nó tarraingítear siar an liúntas dá réir.

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí; an Roinn Dlí agus Cirt. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Diúltú do thairiscintí cóiríochta ó IPAS

- 25.17

Mar atá leagtha amach sa reachtaíocht, tá an Roinn Dlí agus Cirt freagrach as cóiríocht a sholáthar d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta. Is gnách an chóiríocht sin a sholáthar in ionaid IPAS. I gcás nach féidir cóiríocht a sholáthar de bharr srianta acmhainneachta, mar a tharla ó am go ham ó 2023 i leith, ceadaítear faoin reachtaíocht dálaí glactha a sholáthar ar bhealach eile. Foráiltear sa reachtaíocht freisin gur cheart dálaí glactha malartacha a sholáthar go ceann tréimhse chomh gearr agus is féidir.
- 25.18

Faigheann iarratasóirí nach bhfuil cóiríocht curtha ar fáil dóibh dálaí glactha malartacha trí DEA ar ráta seachtainiúil méadaithe €113.80, is é sin, an ráta €38.80 do dhuine aonair a bhfuil cóiríocht curtha ar fáil dó nó di móide €75 sa tseachtain.³ Deirtear i dtreoirlínte scéime na Roinne nach mór d'iarratasóirí nach bhfuil cóiríocht curtha ar fáil dóibh a bheith ar liosta feithimh do chóiríocht IPAS chun cáiliú don ráta méadaithe íocaíochta DEA.
- 25.19

Tugann IPAS tús áite do chóiríocht a chur ar fáil do theaghlaigh agus d'iarratasóirí atá leochaileach. Dá bhrí sin, is iad fir shingile a dhéanann iarratas an grúpa is mó a mbíonn thíos le ganntanas cóiríochta.


3 Níor lorg an Roinn an ceadú riachtanach ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin sular thug sí isteach an ráta €113.80 sa tseachtain d'iarratasóirí nach raibh cóiríocht curtha ar fáil dóibh in 2023. Fuarthas an ceadú i mí an Mhárta 2026, nuair a tharraing an fhoireann iniúchta aird ar an gceist.

25.20 De réir mar a bhíonn cóiríocht ar fáil, tairgeann an Roinn Dlí agus Cirt í d'iarratasóirí ar an liosta feithimh, bunaithe ar an bhfad ama atá caite acu ag fanacht. Thug an fhoireann scrúdúcháin faoi deara, nuair a thairgeann an Roinn Dlí agus Cirt cóiríocht d'iarratasóirí, go gcuirtear in iúl dóibh, má dhiúltaíonn siad don tairiscint, nach mbreithneofar iad le haghaidh tuilleadh tairiscintí cóiríochta, ach go bhféadfaidís leanúint den íocaíocht mhéadaithe DEA a fháil. Ní chuireann an Roinn Dlí agus Cirt an Roinn ar an eolas nuair nach bhfreagraíonn iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta do thairiscint cóiríochta nó nuair a dhiúltaíonn sé nó sí di.

25.21 Dúirt an Roinn Dlí agus Cirt nach bhforáiltear go sonrach sa reachtaíocht do dheireadh a chur le dálaí glactha malartacha, ná iad a laghdú (lena n-áirítear ráta DEA do dhaoine nach bhfuil cóiríocht curtha ar fáil dóibh), i gcás gur tairgeadh cóiríocht do dhuine ach nár ghlac sé nó sí léi. Thug an Roinn Dlí agus Cirt faoi deara freisin go bhféadfadh tarraingt siar an ráta íocaíochta níos airde an t-éileamh ar chóiríocht a mhéadú ag am a bhfuil ganntanas cóiríochta fós ag IPAS.

25.22 Agus an scrúdú seo idir lámha in Aibreán 2026, bhí an Roinn Dlí agus Cirt tar éis dul i dteagmháil le 1,170 iarratasóir a tháinig go hÉirinn idir mí Eanáir agus mí Lúnasa 2025 d'fhonn tairiscint mhoillithe de chóiríocht IPAS a dhéanamh dóibh.⁴ Níor ghlac ach 143 duine (12%) leis an tairiscint agus chuaigh siad isteach sa chóiríocht (féach Fíor 25.5).

Fíor 25.5 Chuir IPAS moill ar thairiscintí cóiríochta a dhéanamh d'iarratasóirí a tháinig chun an Stáit idir mí Eanáir agus mí Lúnasa 2025



Foinse: An Roinn Dlí agus Cirt. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

25.23 Deirtear i dtreoirínte oibríochtúla na Roinne a bhí i bhfeidhm ó cheann ceann 2025 nár cheart go mbeadh teidlíocht ar DEA a thuilleadh ag duine a dhiúltaigh do thairiscint cóiríochta. Tar éis plé leis an Roinn Dlí agus Cirt maidir le léirmhíniú na reachtaíochta, nuashonraigh an Roinn a treoirínte oibríochtúla i mí Eanáir 2026, lena gceadaítear d'iarratasóirí a dhiúltaíonn do chóiríocht IPAS leanúint den ráta DEA do dhaoine nach bhfuil cóiríocht curtha ar fáil dóibh a fháil.

⁴ Is iad siúd a tháinig i mí Mheán Fómhair 2025 na chéad daoine eile a gheobhaidh tairiscintí.

- 25.24** Thuairiscigh an Roinn Dlí agus Cirt go raibh 453 iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta ag fanacht le tairiscint cóiríochta an 17 Nollaig 2025. An tseachtain chéanna, de réir thaifid na Roinne bhí 1,592 éilitheoir ag fáil an ráta méadaithe DEA. Tá le tuiscint uaidh seo go raibh breis agus 1,100 faighteoir DEA nach raibh cóiríocht curtha ar fáil dóibh ann nach raibh sna sonraí liosta feithimh a d'fhoilsigh an Roinn Dlí agus Cirt.
- 25.25** Dúirt an Roinn Dlí agus Cirt go n-áirítear ina sonraí liosta feithimh foilsithe líon na n-iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta nár tairgeadh cóiríocht dóibh riamh. Ní chuimsíonn sé líon na n-iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a baineadh den liosta feithimh do chóiríocht ach a bhfuil teidlíocht acu fós ar chóiríocht agus a cháilíonn fós dá bhrí sin don ráta DEA do dhaoine nach bhfuil cóiríocht curtha ar fáil dóibh.

Measúnú ioncain

- 25.26** Ceanglaíonn an reachtaíocht ar an Roinn measúnú ioncain a dhéanamh ar éilitheoirí DEA atá 18 mbliana d'aois nó níos sine agus a raibh ioncam acu ar feadh 12 sheachtain ar a laghad, agus an liúntas a laghdú nó deireadh a chur leis de réir a n-ioncain mheasúnaithe. Le linn iniúchtaí a rinneadh roimhe seo, fuarthas amach nach ndearnadh na measúnuithe seo nuair ba ghá.⁵
- 25.27** Le héifeacht ó mhí an Mheithimh 2024, thug an Roinn tástáil ioncain isteach d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a bhí fostaithe ar feadh 12 sheachtain ar a laghad. Féadfaidh éilitheoirí a thuilleann idir €60 agus €125 sa tseachtain cáiliú d'íocaíocht laghdaithe. Ina dhiaidh sin, níl aon liúntas iníoctha.
- 25.28** Fágadh faighteoirí nach raibh cóiríocht curtha ar fáil dóibh go sainráite as na measúnuithe ioncain a rinneadh in 2024 agus ar feadh an chuid ba mhó de 2025. Dá bhrí sin, lean faighteoirí nach raibh cóiríocht curtha ar fáil dóibh de bheith ag fáil DEA gan an Roinn a sheiceáil an raibh a dtuilleamh níos mó ná na tairseacha forordaithe.
- 25.29** Féadfaidh iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a bhfuil cóiríocht curtha ar fáil dóibh in ionaid IPAS leanúint dá gcóiríocht a fháil beag beann ar bheith fostaithe. Dúirt an Roinn, dá bhrí sin, ós rud gur in áit cóiríocht a sholáthar dóibh a tugadh ráta níos mó d'fhaighteoirí nach raibh cóiríocht curtha ar fáil dóibh, nár cheart an chuid sin a chur faoi réir measúnú ioncain.
- 25.30** Ceadaítear leis na rialacháin tacaíochtaí a sholáthar i bhfoirm mhalartach nuair nach bhfuil cóiríocht ar fáil go sealadach, ach ní luaitear inti nach féidir bearta tástála ioncain a chur i bhfeidhm le linn tréimhse den sórt sin.
- 25.31** Fuarthas amach in athbhreithniú a rinne an fhoireann iniúchta i mí Dheireadh Fómhair 2025 go raibh meántuilleamh seachtainiúil idir €210 agus €740 ag naoi bhfaighteoir (36%), i sampla de 25 éilitheoir DEA nach raibh cóiríocht curtha ar fáil dóibh.
- 25.32** Bhí na torthaí sin ag teacht le measúnú na Roinne, ar cuireadh tús leis i mí na Bealtaine 2025, inar sainaithníodh go raibh tuilleamh seachtainiúil os cionn €250 ag thart ar 38% de na faighteoirí nach raibh cóiríocht curtha ar fáil dóibh.⁶ Tar éis an mheasúnaithe sin, thug an Roinn isteach tástáil ioncain chéimnithe d'fhaighteoirí nach raibh cóiríocht curtha ar fáil dóibh sa ráithe dheireanach de 2025.

⁵ Féach *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2024*, caibidil 16, [Rialtacht íocaíochtaí leasa shóisialaigh](#).

⁶ In 2025, ba é 2,262 meánlíon seachtainiúil na bhfaighteoirí nach raibh cóiríocht curtha ar fáil dóibh. D'aithin an Roinn 862 faighteoir nach raibh cóiríocht curtha ar fáil dóibh agus a raibh tuilleamh os cionn €250 sa tseachtain acu.

Príomhrialuithe ar éilimh a bhfuiltear i mbun iad a íoc

Modhanna íocaíochta

- 25.33** Ceanglaítear ar éilitheoirí DEA íocaíochtaí seachtainiúla a bhailiú go pearsanta ó oifig phoist ainmnithe. Is príomhrialú airgeadais é sin, go háirithe i gcás faighteoirí nach bhfuil cóiríocht curtha ar fáil dóibh. I mí na Bealtaine 2025, laghdaigh an Roinn minicíocht bhailiú na híocaíochta ó gach coicís go gach seachtain i gcás éilitheoirí. Laghdaíodh é seo go gach cúig lá ó mhí Feabhra 2026 ar aghaidh.
- 25.34** In imthosca eisceachtúla, amhail breoiteacht, féadfar cead a thabhairt d'éilitheoir a íocaíocht sheachtainiúil a fháil trí aistriú leictreonach airgid chuig cuntas bainc. In athbhreithniú ar mhodhanna íocaíochta d'éilitheoirí DEA a rinneadh i mí Iúil 2025 fuarthas amach, as measc 11,403 éileamh, gur íocadh 11,351 (99.5%) acu trí bhailiú i bpearsa ó oifig phoist.

Cros-seiceáil ar theidlíochtaí thar dlínsí

- 25.35** Laghdaíonn an ceanglas an íocaíocht a bhailiú go pearsanta an baol go ndéanfaí íocaíochtaí neamhrialta le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta nach bhfuil cóiríocht curtha ar fáil dóibh ó tharla go gcuireann sé iallach ar an éilitheoir a bheith sa tír an lá sin. Mar sin féin, d'fhéadfadh rialuithe breise a bheith riachtanach chun an baol go ndéanfaí íocaíochtaí neamhrialta a mhaolú.
- 25.36** Mar shampla, ós rud é nach bhfuil cóiríocht curtha ar fáil d'iarratasóirí, d'fhéadfadh baol níos mó a bheith ann go bhfaighidís íocaíochtaí cosanta idirnáisiúnta ó dhlínsí eile (e.g. Tuaisceart Éireann). Dúirt an Roinn Dlí agus Cirt, ó d'fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach in 2020, nach ndéantar seiceálacha córasbhunaithe chun na tacaíochtaí a sholáthraítear d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta sa Ríocht Aontaithe a chros-seiceáil.
- 25.37** Níl seiceálacha den sórt sin i bhfeidhm ag an Roinn ach oiread i leith íocaíochtaí DEA. Dúirt an Roinn, áfach, go bhfágann íoc DEA trí líonra na n-oifigí poist go gcaithfidh iarratasóirí a bheith i bpearsa sa Stát gach seachtain agus go gcuireann sé seo isteach go mór ar a gcumas a bheith i láthair in dhá dhlínse ar leith.

Athruithe ar imthosca agus athbhreithnithe

- 25.38** Féadfaidh athruithe ar imthosca faighteora difear a dhéanamh dá incháilitheacht do DEA. Féadfaidh an faighteoir na hathruithe sin a chur in iúl go díreach, nó féadfar iad a shainiú trí chóras rialaithe na Roinne, lena n-áirítear foláirimh a ghineann an córas agus fógraí a fhaightear ón Roinn Dlí agus Cirt.
- 25.39** Cuireann an Roinn Dlí agus Cirt an Roinn ar an eolas faoi athruithe ar stádas cóiríochta. Mar shampla, cuirtear in iúl don Roinn má chuirtear cóiríocht ar fáil d'fhaighteoir nach raibh cóiríocht aige nó aici roimhe sin, nó má aistríonn faighteoir ó ionad IPAS amháin go ceann eile.

- 25.40** Ní bhíonn DEA infíoctha ach fad atá an faighteoir ag lorg cosaint idirnáisiúnta. A luaithe a dhéantar cinneadh ar an iarratas, ní bhíonn teidlíocht ar DEA ann a thuilleadh mura bhfuil achomharc gníomhach ag an iarratasóir os comhair an Bhinse Achomhairc um Chosaint Idirnáisiúnta. I gcásanna ina bhfuil achomharc ar siúl, íoctar DEA go dtí go ndéantar cinneadh críochnaitheach. Cuireann an Roinn Dlí agus Cirt an Roinn ar an eolas gach seachtain faoi athruithe stádais.
- 25.41** Déanann an Roinn athbhreithnithe freisin arb iad táscairí riosca sonracha a thionscnaíonn iad, amhail fógraí faoi thosú fostaíochta. Is ar bhonn tionscadail, seachas mar chuid de phróiseas timthriallach nó de phróiseas a bhfuil amchlár socraithe dó, a dhéantar athbhreithnithe de ghnáth (féach Fíor 25.6).

Fíor 25.6 Gníomhaíochtaí athbhreithnithe DEA in 2025^a

Gníomhaíocht nó cúis a thionscnaíonn athbhreithniú	Líon
Fógra ón Roinn Dlí agus Cirt faoi chinntí maidir le stádas cosanta idirnáisiúnta	3,106
Fógraí faoi éirí fostaithe ^b	9,785
Athbhreithnithe ginearálta	410
Tionscadal a dhéantar i bpearsa	356

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nótaí:


- a Ní áirítear athbhreithnithe a rinneadh de thoradh foláireamh a ghin an córas ná athruithe ar stádas cóiríochta ar thug an Roinn Dlí agus Cirt fógra fúthu.
- b D'fhéadfadh athruithe ar fhostaíocht i rith na bliana a bheith ina gcúis le roinnt fógraí a fháil maidir leis an bhfaighteoir céanna.

- 25.42** In 2025, dhún an Roinn 3,777 éileamh de thoradh na n-athbhreithnithe a rinneadh. Dúnadh 86% de na héilimh de bharr tús a bheith curtha le fostaíocht. Dhírigh an tionscadal athbhreithnithe i láthair go pearsanta ar fhaighteoirí an liúntais speansas laethúil nach raibh cóiríocht curtha ar fáil dóibh. Rinneadh teagmháil le sampla de 356 faighteoir agus iarradh orthu teacht i láthair go pearsanta le haghaidh athbhreithniú ar a dteidlíocht; dúnadh 152 éileamh (43%) dá bharr.
- 25.43** Faoin reachtaíocht, ceanglaítear ar an Roinn aon íocaíochtaí a rinneadh a aisghabháil más rud é, tráth a raibh an liúntas speansas laethúil á fháil ag an bhfaighteoir, go raibh acmhainní aige nó aici chun caighdeán maireachtála leordhóthanach a bheith aige nó aici, nó gur cheil sé nó sí acmhainní airgeadais agus gur bhain sé nó sí tairbhe mhíchuí as na híocaíochtaí a fháil.
- 25.44** Is é cleachtas na Roinne gan ró-íocaíochtaí ar éilimh ar an liúntas speansas laethúil a mheas nó aird a tharraingt orthu. Dá bhrí sin, nuair a chinntear nach bhfuil faighteoir incháilithe don liúntas speansas laethúil a thuilleadh, ní dhéantar athbhreithniú siarghabhálach chun a fháil amach an ndearnadh ró-íocaíocht. Dúirt an Roinn, ós rud é gurb í an Roinn Dlí agus Cirt atá freagrach as an scéim trí chéile, nach bhfuil sé soiléir cé na roghanna atá ar fáil don Roinn chun íocaíochtaí a aisghabháil, agus go bhfuil comhairle dlí á lorg ina leith.

Achomhairc

- 25.45** Más mian le duine athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh íocaíocht an liúntais speansas laethúil a dhiúltú dó nó di (nó a tharraingt siar), féadfaidh sé nó sí athbhreithniú a iarraidh ar oifigeach athbhreithnithe de chuid na Roinne. Mura bhfuil sé nó sí sásta le cinneadh an oifigigh athbhreithnithe, féadfaidh sé nó sí achomharc a dhéanamh chuig an mBinse Achomhairc um Chosaint Idirnáisiúnta. In 2025, rinneadh 16 achomharc chuig an mBinse. Seasadh le hachomharc amháin (féach Fíor 25.7). Mar sin féin, cheadaigh an Roinn sé chás eile tar éis athbhreithniú a dhéanamh orthu, sula ndearna an Binse cinneadh. D'éirigh le 44% de na hachomhairc a rinneadh mar sin.

Fíor 25.7 Torthaí na n-achomharc a rinneadh chuig an mBinse Achomhairc um Chosaint Idirnáisiúnta maidir leis an liúntas speansas laethúil, 2025



Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Íocaíochtaí as riachtanais bhreise d'fhaighteoirí DEA

- 25.46** Is téarma uileghabhálach é íocaíocht i leith riachtanas breise do thacaíochtaí ioncaim áirithe faoin scéim liúntas leasa forlíontach.⁷
- 25.47** Is íocaíocht aonuaire í íocaíocht i leith riachtanas breise a dhéantar le duine chun freastal ar riachtanas atá eisceachtúil nó práinneach, ach nach gá go mbeadh sé gan choinne. Is íocaíocht í a bhraitheann ar thástáil acmhainne. Chun cáiliú, ní mór d'íarratasóirí


- Uimhir UPSP a bheith acu
- foirm iarratais a chomhlánú
- fianaise a sholáthar ar an ngá, m.sh. luachana ó sholáthraithe, admhálacha nó billí
- Eolas a chur ar fáil faoi acmhainní airgeadais, m.sh. fianaise ar ioncam, ar choigilteas nó ar infheistíochtaí.

⁷ Is féidir íocaíochtaí i leith riachtanas breise a dhéanamh faoi ailt 201 agus 202 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) le haon duine sa Stát, i gcás ina measann duine ainmnithe nó oifigeach cinntithe sa Roinn go bhfuil gá leo chun freastal ar riachtanas eisceachtúil nó práinneach.

25.48 Sa bhliain 2025, b'ionann an caiteachas iomlán ar íocaíochtaí riachtanas breise agus €61.1 milliún, agus íocadh €2.9 milliún de sin le faighteoirí DEA. San iomlán rinneadh €4.6 milliún d'íocaíochtaí as riachtanais bhreise d'fhaighteoirí DEA in 2024.

25.49 Déanann an reachtaíocht foráil maidir le liúntas éadaí atá le híoc le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta i bhfoirm íocaíochta i leith riachtanas breise. Ceadáítear éilimh ar an liúntas ag eatraimh sé mhí, ar ráta €100 an duine fásta agus €50 an páiste. Tá iarratais faoi réir measúnú acmhainne ar leibhéal na n-acmhainní atá ar fáil do dhuine aonair nó do theaghlach. Íocadh suim iomlán €1.8 milliún le faighteoirí DEA i bhfoirm liúntais éadaí sa bhliain 2025 (féach Fíor 25.8) — arb ionann é sin agus 62% de na híocaíochtaí iomlána i leith riachtanas breise a rinneadh le faighteoirí DEA.

Fíor 25.8 Íocaíochtaí as riachtanais bhreise do ghlacadóirí DEA de réir catagóire, 2022 – 2025



Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Áirítear ar éilimh a bhaineann le leanaí íocaíochtaí as cliabháin, carráistí leanaí agus clúidíní. Baineann éilimh eile le costais a bhaineann le bheith faoi ghlas de bharr breoiteachta.

Íocaíochtaí i leith riachtanas breise — costais chóiríochta

25.50 Tháinig méadú ó thart ar €176,000 in 2023 go dtí beagnach €2 mhilliún in 2024 ar luach na n-íocaíochtaí i leith riachtanas breise do ghlacadóirí DEA a bhí rangaithe ag an Roinn mar íocaíochtaí 'ginearálta'. Áirítear leis seo íocaíochtaí le faighteoirí áirithe DEA chun cabhrú le costais chóiríochta a chlúdach (féach Fíor 25.8).

25.51 I mí an Mhárta 2024, chuir an Roinn in iúl don fhoireann go bhféadfaí íocaíochtaí i leith riachtanas breise a chur ar fáil chun cabhrú le hiarratasóirí atá ag fanacht ar chóiríocht arna soláthar ag Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta. Cuireadh treoir ar fáil don fhoireann go bhféadfadh an íocaíocht seo a bheith i bhfoirm íocaíochta tosaigh a íoctar roimh ré de €308 i leith lóistín ar feadh coicise (nó €154 i leith lóistín ar feadh seachtaine) chun freastal ar riachtanais bhreise. Tugadh an íocaíocht seo chun íoc as fanacht go gearrthréimhseach i mbrú go ceann coicise. Ní raibh sé riachtanach fianaise a sholáthar ar an ngá amhail áirithint brú óige chun cáiliú don éileamh tosaigh.⁸

⁸ Shocraigh an Roinn an ráta íocaíochta bunaithe ar chostas brú i mBaile Átha Cliath ag an am sin.

25.52 I gcás aon éilimh ina dhiaidh sin ar riachtanais bhreise a bhaineann le costais chóiríochta, iarradh ar iarratasóirí iarratas a dhéanamh laistigh de dheich lá agus a sholáthar

- foirm speansas chomhlánaithe (le húsáid ag iarratasóirí atá ag filleadh)
- admhálacha, lena n-áirítear ráitis cárta creidmheasa
- ráitis bainc, agus
- seoladh ríomhphoist.

25.53 Ní bhailíonn an Roinn sonraí a bhaineann le híocaíochtaí i leith riachtanas breise a úsáidtear chun costais chóiríochta a chlúdach do dhaoine a fhaigheann an Liúntas don DEA. Déanann foireann na Roinne an caiteachas a chatagóiriú agus íocaíocht do riachtanais bhreise á dámhachtain. Cé go raibh cód sonrach le haghaidh 'cóiríocht i mbrú' ar fáil, níor úsáideadh go rómhínic é in 2024 ná in 2025. Ina ionad sin, taifeadadh caiteachas chun cabhrú le costais chóiríochta faoi chatagóirí ginearálta amhail 'cistí neamhleor' nó 'eile'. Dá bhrí sin, tá sé deacair déanamh amach an caiteachas iomlán a thabhaigh an Roinn chun freastal ar riachtanais chóiríochta na bhfaighteoirí DEA.

25.54 Dúirt an Roinn gur tugadh isteach na híocaíochtaí seo i leith riachtanas breise do ghlacadóirí DEA nach raibh cóiríocht curtha ar fáil dóibh mar fhreagairt phraiticiúil shealadach ar na brúnna a bhí ar chóras Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta ag an am agus ar na deacrachtaí a bhí roimh iarratasóirí. Dúirt an Roinn freisin nach le haghaidh cóiríochta go sonrach a bhí na híocaíochtaí, ach chun cabhrú le hiarratasóirí nach raibh dóthain airgid acu chun costais bhunúsacha cóiríochta agus chothaithe a chlúdach.

25.55 Rinne an fhoireann scrúdúcháin anailís ar na híocaíochtaí i leith riachtanas breise a íocadh le faighteoirí DEA in 2024 agus in 2025, agus, bunaithe ar an bhfianaise a scrúdaíodh, mheas siad gur íocadh thart ar €1.5 milliún chun tacú le costais chóiríochta in 2024, agus gur íocadh thart ar €833,000 in 2025.⁹

25.56 Léirigh tuilleadh anailíse ar na héilimh a bhaintear amach gur íocadh íocaíochtaí riachtanas breise arís agus arís eile (níos mó ná deich n-uaire) le 4% de na héilitheoirí chun costais chóiríochta a chlúdach. Fuair líon beag faighteoirí (cúigear) líon mór íocaíochtaí (níos mó ná 32) arbh ionann iad agus suimeanna os cionn €10,000 an duine (féach Fíor 25.9).

25.57 Íoctar íocaíochtaí i leith riachtanas breise go díreach leis an iarratasóir agus, dá bhrí sin, ní bhailíonn an Roinn eolas faoi sholáthraithe cóiríochta. Mar chuid den scrúdú seo, áfach, rinne an fhoireann scrúdú ar an doiciméadú tacaíochta do shampla de 21 de na daoine a rinne éileamh arís, lena n-áirítear an cúigear éilitheoir a fuair an luach ba mhó nuair a chuirtear a n-íocaíochtaí le chéile, is é sin, breis agus €10,000 an duine. Léirigh an t-athbhreithniú go raibh tacaíocht ó admhálacha ón soláthraí cóiríochta céanna ag gach ceann de na héilimh athfhillteacha sa sampla — arbh ionann agus comhluch de €140,000. Níorbh fhéidir méid iomlán na n-íocaíochtaí a bhaineann leis an soláthraí cóiríochta seo a chinneadh.

⁹ Bhain an fhoireann scrúdúcháin na héilimh amach a rangáíodh mar éilimh ghinearálta, agus a raibh a luach ar aon dul leis an lamháltas uasta a mholtar do chostais chóiríochta (€154/€308). D'fhág an cur chuige seo ar lár aon íocaíochtaí a bhain le cóiríocht i gcás méideanna a bhí lasmuigh de na luachanna sin.

25.58 Go déanach sa bhliain 2025, chríochnaigh an Roinn athbhreithniú ar úsáid íocaíochtaí do riachtanais bhreise chun costais chóiríochta a chlúdach. Dheimhnigh an Roinn Dlí agus Cirt, as an 57 faighteoir ar chuir an Roinn ceisteanna ina leith san athbhreithniú sin, gur tairgeadh cóiríocht IPAS do bheagnach 65% (37) acu roimhe sin ach nár ghlac siad léi ar chúiseanna éagsúla.

Fíor 25.9 Éilimh a bhaineann le cóiríocht do na blianta 2024 agus 2025, de réir raon luach na híocaíochta

Méid iomlán na gCostas cóiríochta a íocadh	Líon na bhfaighteoirí DEA
Níos mó ná €10,000	5
Idir €5,001 agus €10,000	85
Idir €1,001 agus €5,000	278
Idir €617 agus €1,000	91
Suas le €616 ^a	3,257
Iomlán	3,716

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Is ionann €616 agus an méid a íocadh as tréimhse cheithre seachtaine.

25.59 Dúirt an Roinn, ón mí na Samhna 2025 i leith, go ndéantar cros-seiceáil leis an Roinn Dlí agus Cirt ar iarratais ar íocaíochtaí riachtanas breise chun costais chóiríochta a chlúdach chun a fháil amach an ndearnadh tairiscint chóiríochta Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta don iarratasóir roimhe sin. Má rinneadh a leithéid de thairiscint, meastar gur freastalaíodh ar an riachtanas.

25.60 Deirtear go sainráite i dtreoirlínte na Roinne nár cheart íocaíochtaí i leith riachtanas breise a úsáid chun costais a chlúdach atá de chúram ar ranna rialtais eile, agus nach bhfuil siad ceaptha le haghaidh íocaíochta i gcásanna ina bhfuil riachtanas athfhillteach ann nach bhfuil an faighteoir in ann freastal air óna ghnáthioncam.

25.61 Is faoi fhreagracht na Roinne Dlí agus Cirt atá sé lóistín a chur ar fáil d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, agus úsáideadh íocaíochtaí i leith riachtanas breise i gcásanna áirithe chun tacaíocht airgeadais leanúnach a sholáthar i gcomhair lóistín.

25.62 Ní mheasann an Roinn gur fhág úsáid íocaíochtaí i leith riachtanas breise chun tacaíocht airgeadais leanúnach a sholáthar le haghaidh cóiríochta go raibh ar Vóta 37 costas de chuid na Roinne Dlí agus Cirt a ghlacadh air féin. Dúirt an Roinn gur féidir íocaíocht i leith riachtanas breise a chur ar fáil chun freastal ar bhunriachtanais an fhaighteora i gcás nach bhfuil sé de chumas aige féin déanamh amhlaidh, agus gur dócha go mbeadh Éire tar éis sárú a dhéanamh ar a cuid oibleagáidí maidir le cosaint idirnáisiúnta murar cuireadh na híocaíochtaí sin ar fáil.

Ranníocaíochtaí i leith costas

- 25.63** Faoin reachtaíocht, mura bhfuil aon ioncam ag an iarratasóir ach an íocaíocht DEA, níl aon cheanglas ar an iarratasóir ranníocaíocht a dhéanamh i leith costais chóiríochta Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta. Mar sin féin, ceanglaítear de réir dlí ar iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta atá ag obair agus a bhfuil ioncam seachtainiúil acu os cionn €97, ranníocaíocht a dhéanamh i leith chostas a gcuid cóiríochta agus seirbhísí.¹⁰
- 25.64** D'fhéadfadh an ráta ranníocaíochta atá le híoc a bheith idir €15 agus €238 sa tseachtain, ag brath ar ioncam seachtainiúil an duine aonair. Bíodh sin mar atá, léirigh an scrúdú nach bhfuil aon nós imeachta i bhfeidhm ag an Roinn Dlí agus Cirt chun an ranníocaíocht seo a bhailiú agus/nó a phróiseáil. Go dtí seo, níor bailíodh aon ranníocaíochtaí faoin reachtaíocht. Dúirt an Roinn Dlí agus Cirt go bhfuil sí i mbun athbhreithniú a dhéanamh faoi láthair ar roghanna chun samhail ranníocaíochta a thabhairt isteach.
- 25.65** Measann an fhoireann scrúdúcháin go raibh thart ar 15,000 duine fásta i gcóiríocht Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta ag deireadh mhí na Nollag 2025 nach raibh an DEA á fháil acu (féach Fíor 25.10). Is dócha go mbeadh ioncam ag líon suntasach acu ar leibhéal a d'éileodh go ndéanfaí ranníocaíocht. Fós féin, níl a dóthain faisnéise ag an Roinn Dlí agus Cirt chun luach na ranníocaíochtaí nár bailíodh a mheas.
- 25.66** Mar shampla, dá mbeadh ar 1,500 cónaitheoir Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta ranníocaíocht a dhéanamh ag an ráta is ísle €15 sa tseachtain, chaillfí luach €1.17 milliún de ranníocaíochtaí gach bliain. Dá bhrí sin, má chuirtear siar cur i bhfeidhm múnla ranníocaíochta seans maith go méadófaí an caillteanas airgeadais a bheidh ann don Stáitchiste.

¹⁰ Alt 5(2) agus Sceideal 2 de [IR 230/2018 — Rialachán na gComhphobal Eorpach \(Coinníollacha Glactha\) 2018](#).


Fíor 25.10 Fíor na Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta agus an DEA do Mhí na Nollaig 2025

Líon na Ionad Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta	313
Meán-am caite i lóistín Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta	24.3 mí
Líon na ndaoine i lóistín Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta	33,241
Líon neasach na ndaoine fásta	23,000
Éilimh DEA maidir le daoine fásta a bhfuil lóistín á chur ar fáil dóibh	8,000
Líon measta na ndaoine fásta i Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta nach bhfuil an DEA á fháil acu	15,000

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí; an Roinn Dlí agus Cirt. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- 25.67** Nuair a fhaigheann iarratasóir cinneadh críochnaitheach maidir lena iarratas, ní bhíonn sé i dteideal DEA a thuilleadh. I gcás ina gceadaítear cosaint idirnáisiúnta don fhaighteoir, bíonn an rochtain chéanna aige ar leas sóisialta agus atá ag saoránaigh na hÉireann. Má dhiúltaítear don iarratas ar chosaint, ní bheidh an faighteoir i dteideal DEA a thuilleadh, ná i dteideal gnáth-íocaíochtaí leasa shóisialaigh.
- 25.68** Ag deireadh mhí an Mhárta 2026, bhí 5,123 duine ina gcónaí i lóistín Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta ar cinneadh go mbronnfaí stádas cosaint idirnáisiúnta orthu (féach Fíor 25.11). Bhí beagnach 11% (557) fós ina gcónaí i lóistín Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta ar feadh níos mó ná trí bliana tar éis stádas a fháil. Níl aon cheanglas reachtúil ar na daoine seo ranníocaíocht a dhéanamh i leith costais chóiríochta.

Fíor 25.11 Líon na ndaoine a bhfuil stádas acu agus atá ina gcónaí i lóistín Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta, Márta 2026



Foinse: An Roinn Dlí agus Cirt. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Is le líon iomlán na ndaoine aonair a bhaineann na figiúirí maidir le lánúineacha agus le teaghlaigh a léirítear.

Conclúidí agus moltaí

25.69 Roinntear cur i bhfeidhm praiticiúil na scéime liúntais do chostais laethúla (DEA) idir an Roinn agus an Roinn Dlí agus Cirt; rialaíonn an dara ceann acu sin gnéithe lárnacha den incháilitheacht. Agus í ag déanamh focaíochtaí DEA as Vóta 37 Coimirce Shóisialach, braitheann an Roinn ar fhaisnéis ón Roinn Dlí agus Cirt chun a chinneadh an bhfuil iarratasóirí incháilithe don scéim ar an gcéad dul síos, agus an leanann siad de bheith ag comhlíonadh na gcritéar incháilitheachta maidir lena stádas cóiríochta.

25.70 Fós féin, níl aon chomhaontú foirmiúil i bhfeidhm a leagann amach ról agus freagrachtaí gach Roinne, nádúr agus minicíocht na rannpháirtíochta agus na cumarsáide a theastaíonn, agus an riar sonraí a bhaineann leis sin. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina chúis le heaspa soiléireachta maidir leis an gcaoi a gcinntear agus a gcuirtear i bhfeidhm na teidlíochtaí faoin scéim. Mar shampla, in 2025 chuir an Roinn Dlí agus Cirt in iúl d'iarratasóirí a dhiúltaigh do thairiscint lóistín go bhféadfaidís fanacht ar an ráta níos airde den liúntas an ráta do dhaoine gan lóistín ach nach mbreithneofaí a thuilleadh iad le haghaidh lóistín. Ní hionann an cur chuige seo agus na treoirlínte oibríochtúla a bhí i bhfeidhm sa Roinn Coimirce Sóisialaí ag an am.

Moladh 25.1

Ba cheart comhaontú foirmiúil a chur i bhfeidhm idir an Roinn Coimirce Sóisialaí agus an Roinn Dlí agus Cirt ina leagfaí amach freagrachtaí gach ceann acu maidir leis an scéim DEA.

Ba cheart teacht ar chomhaontú agus leagan amach soiléir a dhéanamh maidir le minicíocht agus raon feidhme na gceanglas cumarsáide agus fógartha idir na ranna i ndáil le haon athruithe ábhartha ar chúinsí na n-iarratasóirí.

Ba cheart don Roinn dul i dteagmháil leis an Roinn Dlí agus Cirt freisin chun a chinntiú go bhfuil comhaontú ann maidir le critéir incháilitheachta na n-iarraitasóirí, go háirithe i gcásanna ina ndiúltaítear do thairiscint lóistín.

Freagra Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Coimirce Sóisialaí

Comhaontaithe.

Tá comhaontú seirbhíse (SLA) á chur i bhfeidhm idir an Roinn Coimirce Sóisialaí agus an Roinn Dlí agus Cirt, ina leagtar amach freagrachtaí gach ceann acu maidir leis an scéim DEA.

Leagfaidh an Comhaontú Seirbhíse (SLA) amach an mhinicíocht agus an raon feidhme a theastaíonn maidir le méid na cumarsáide agus na ceanglais fógartha idir na Ranna i ndáil le haon athruithe ábhartha ar chúinsí na n-iarraitasóirí.

Déanfaidh an Roinn plé leis an Roinn Dlí agus Cirt lena chinntiú go bhfuil comhaontú ann maidir le ceanglais incháilitheachta na n-iarraitasóirí, go háirithe i gcásanna ina ndiúltaítear do thairiscint lóistín.

Amlíne le haghaidh cur chun feidhme

31 Nollaig 2026.

Freagairt Oifigeach Cuntasaíochta na Roinn Dlí agus Cirt

Comhaontaithe.

Cuirfear comhaontú foirmiúil i bhfeidhm idir an Roinn Dlí agus Cirt agus an Roinn Coimirce Sóisialaí ina leagfar amach freagrachtaí a bhaineann le scéim an DEA. Leagfar amach go soiléir leis seo an chomhthoil maidir le hincháilitheacht na n-iarraitasóirí agus an méid cumarsáide atá riachtanach idir an dá roinn.

Amlíne le haghaidh cur chun feidhme

31 Nollaig 2026.

25.71 Níl doiciméadú déanta ag an Roinn ar a mheasúnú ar na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an scéim DEA, ná ar a hathbheithniú ar na rialuithe atá i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin. Cuireadh rialaithe don scéim seo i bhfeidhm ar bhonn ad-hoc — lena n-áirítear mar fhreagairt ar athruithe ar bheartas agus ar chinntí oibríochtúla — agus ní bhíonn siad éifeachtach i gcónaí maidir le híocaíochtaí neamhrialta a bhrath.

25.72 Ina theannta sin, ní chomhlíonann oibriú an DEA na ceanglais reachtacha atá mar bhunús leis an scéim i roinnt réimsí, amhail measúnuithe ioncaim agus aisghabháil ró-íocaíochtaí. (féach Fíor 25.12).

Fíor 25.12 Achoimre ar na bearnaí maidir le comhlíonadh ceanglas reachtúil

Ceanglas reachtúil	Breathnú iniúchóireachta maidir le bearna i gcomhlíonadh
Measúnú a dhéanamh ar ioncam an fhaighteora (suim iomlán 12 seachtain) ag baint úsáide as an bhfoirmle fhorordaithe, agus an DEA a laghdú nó a tharraingt siar de réir an mheasúnaithe.	Tabhairt isteach de réir céimeanna do ghlacadóirí a bhfuil lóistín curtha ar fáil dóibh, ag tosú i mí an Mheithimh 2024. Ní bheidh sé i bhfeidhm do ghlacadóirí nach bhfuil cóiríocht curtha ar fáil dóibh go dtí an 4ú ráithe de 2025. Ní dhéantar measúnuithe ioncaim a shiardhátú; dá bhrí sin, má aithnítear ioncam go déanach, d'fhéadfadh sé go sárófaí an teorainn chomhiomlán 12 seachtaine.
Méideanna DEA a íocadh an iomarca a aisghabháil i gcás nár dearbhíodh ioncam nó inar luadh figiúr ró-íseal ina leith.	Ní tharraingíonn an Roinn aird ar ró-íocaíochtaí faoin scéim DEA, agus ní dhéantar iarracht iad a aisghabháil.
Éilítear ar iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta cur le costas na cóiríochta nó na seirbhísí i gcás ina sáraíonn an t-ioncam an tairseach.	Caithfidh an Roinn Dlí agus Cirt fógra a thabhairt d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a bhfuil cónaí orthu i lóistín Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta faoin oibleagáid seo, agus córais a bheith i bhfeidhm acu chun na híocaíochtaí a bhailiú; bíodh sin mar atá, níl na bearta sin i bhfeidhm.

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí; an Roinn Dlí agus Cirt. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- 25.73** Éilíonn reachtaíocht a achtaíodh i mí an Meitheamh 2018 ar an Roinn measúnú ioncaim a dhéanamh i gcás iarratasóirí atá 18 mbliana d'aois nó níos sine agus atá ag fáil ioncaim ar feadh 12 sheachtain ar a laghad, agus an liúntas a laghdú nó stopadh dá íoc de réir an ioncaim a measúnaíodh ina leith. Níor chuir an Roinn measúnuithe ioncaim i bhfeidhm go dtí mí an Mheithimh 2024 i gcás iarratasóirí a raibh lóistín curtha ar fáil dóibh. Níor tugadh isteach measúnuithe ioncaim do ghlacadóirí nach raibh cóiríocht curtha ar fáil dóibh go dtí deireadh na bliana 2025. Mar gheall ar mhoill maidir le measúnuithe ioncaim a chur i bhfeidhm, níor aithin an Roinn íocaíochtaí neamhrialta ná níor dhéileáil sí leo go pras.
- 25.74** Níl na ceanglais reachtacha maidir le ró-íocaíochtaí a éileamh agus a aisghabháil curtha i bhfeidhm go fóill. Níl méid na n-íocaíochtaí breise déanta amach ag an Roinn agus, dá bhrí sin, ní féidir meastachán a dhéanamh ar ráta na n-íocaíochtaí neamhrialta a bhaineann leis an scéim.

Moladh 25.2

Ba cheart don Roinn mheasúnú cuimsitheach riosca ar an scéim a dhéanamh agus a dhoiciméadú go foirmiúil. Ba cheart go n-áireofaí leis seo príomhrioscaí a shainaithint, a mheasúnú agus a dhoiciméadú, chomh maith le hathbhreithniú ar na rialuithe atá ann cheana féin lena chinntiú go bhfuil siad deartha go cuí agus go bhfuil siad ag feidhmiú go héifeachtach.

Ba cheart próiseas a chur i bhfeidhm chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat riosca agus rialaithe ag eatraimh iomchuí ina dhiaidh sin.

Ba cheart don Roinn athbhreithniú a dhéanamh freisin ar an gcaoi a ndéantar an scéim liúntais laethúil a riaradh go praiticiúil, agus oibríochtaí reatha a chur i gcomparáid leis na ceanglais reachtacha agus le rialacha na scéime. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar aon neamhréireachtaí nó réimsí neamhchomhlíontachta a shainaithnítear. Nuair is gá, ba cheart rialacha na scéime a nuashonrú chun léiriú cruinn a thabhairt ar chleachtais oibríochtúla.

Freagra Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Coimirce Sóisialaí

Comhaontaithe.

Déanfaidh an Roinn measúnú ar rioscaí agus ar rialuithe sonracha a bhaineann le scéim DEA, agus déanfaidh sí iad a dhoiciméadú go foirmiúil. Déanfar athbhreithniú rialta ar an gcreat riosca agus rialaithe.

Coinneofar riarachán na scéime faoi athbhreithniú chun a chinntiú go gcomhlíonann oibriú na scéime ceanglais reachtúla agus rialacha na scéime.

Amlíne le haghaidh cur chun feidhme

30 Samhain 2026.

- 25.75** Foráiltear leis an reachtaíocht go gcaithfidh daoine áirithe a bhfuil cónaí orthu i lóistín Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta, ag brath ar a n-ioncam, ranníocaíocht a dhéanamh i leith chostas a lóistín agus a seirbhísí. Fós féin, níl aon phróiseas i bhfeidhm chun an ranníocaíocht seo a bhailiú agus a phróiseáil, agus níor bailíodh aon ranníocaíochtaí go dtí seo. Ní dhearna an Roinn Dlí agus Cirt luach na ranníocaíochtaí féideartha a cailleadh a mheas.

Moladh 25.3

Ba cheart don Roinn Dlí agus Cirt an ceanglas reachtúil a chur i bhfeidhm maidir le múnla ranníocaíochta costas a bheith i bhfeidhm d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a bhfuil ioncam acu os cionn na dtairseach atá leagtha amach sna rialacháin.

Freagairt Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt

Comhaontaithe.

Tá obair ar bun chun múnla ranníocaíochta a thabhairt isteach.

Amlíne le haghaidh cur chun feidhme

31 Nollaig 2026.

Íocaíochtaí i leith riachtanas breise d'fhaighteoirí DEA — lóistín

- 25.76** Nuair is gá, is freagracht de chuid na Roinne Dlí agus Cirt é lóistín a chur ar fáil d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta. Nuair nach féidir cóiríocht a chur ar fáil d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta atá á lorg, cuirtear íocaíocht bhreise de €75 sa tseachtain ar fáil ina ionad sin.
- 25.77** Mar sin féin, thug an fhoireann scrúdúcháin faoi deara, i gcásanna áirithe, go raibh íocaíochtaí rialta do riachtanais bhreise á bhfáil freisin ag iarratasóirí nach raibh cóiríocht curtha ar fáil dóibh, d'fhoill costais chóiríochta a chlúdach.

- 25.78** Mar gheall ar an gcaoi ar taifeadadh na costais seo, ní raibh an Roinn in ann an méid iomlán d'íocaíochtaí i leith riachtanas breise a aithint, íocaíochtaí a íacadh le faighteoirí DEA chun costais chóiríochta a chlúdach. Tháinig an fhoireann scrúdúcháin ar an gconclúid, de thoradh a hanailíse, gur dócha go mbeadh luach na n-íocaíochtaí sin ar a laghad €1.5 milliún in 2024 agus beagán os cionn €833,000 in 2025.
- 25.79** I líon beag cásanna, rinneadh íocaíochtaí breise bíodh siad athfhillteach nó rialta chun costais chóiríochta iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a chlúdach. Dealraíonn sé go mbaineann go leor de na héilimh athfhillteacha i sampla de na daoine is minice a dhéanann éilimh leis an soláthraí cóiríochta céanna.

Moladh 25.4

Ba cheart don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid na scéime íocaíochtaí do riachtanais bhreise chun freastal ar chostais chóiríochta athfhillteacha na ndaoine a fhaigheann DEA. Ba cheart treoirlínte agus próisis shoiléire a leagan amach maidir leis an gcaoi ar cheart íocaíochtaí den sórt sin a chlúdach agus a phróiseáil.

Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar chatagóirí na gcostas faoin scéim íocaíochta do riachtanais bhreise, chun a chinntiú go ndéantar costais a chatagóiríú ar bhealach comhsheasmhach lenar féidir tuilleadh anailíse a dhéanamh agus saincheisteanna a shainaithint.

Freagra Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Coimirce Sóisialaí

Comhaontaithe.

Déanfar athbhreithniú ar na treoirlínte agus ar na próisis chun soiléireacht agus cur chun feidhme ceart a chinntiú.

Tá catagóirí na gcostas faoin scéim á nuashonrú, sa treoir d'oifigigh agus sa chóras TF tacaíochta íocaíochtaí araon, chun cruinneas agus comhsheasmhacht a chinntiú.

Amlíne le haghaidh cur chun feidhme

30 Samhain 2026.